GAIRM AR PHÁIPÉIR



Literacy Association of Ireland
Cumann Litearthachta na hÉireann
Comhdháil Bhliantúil
50 Bliain d'Fhoghlaim na Litearthachta:
An t-am atá thart a cheiliúradh agus an t-am atá le teacht a spreagadh
1975-2025

I mí Mheán Fómhair 1975, tháinig grúpa paiseanta d'oideoirí agus de thaighdeoirí le chéile don chéad chruinniú de chuid *Chumann Léitheoireachta na hÉireann*. Le caoga bliain anuas, tá an Cumann tar éis cleachtas a roinnt, smaointe móra a phlé agus an comhrá ar litearthacht in Éirinn agus níos faide i gcéin a threorú.

Tá sé in am dúinn súil a chaitheamh siar agus romhainn. Ag an gcomhdháil bhliantúil i mbliana, déanfaimid an méid seo a leanas a mheas: ag breathnú ar dhul chun cinn sa litearthacht ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta, an bhfuil athruithe agus dul chun cinn ar leith gur chóir dúinn bheith bródúil astu? Cad is gá aird bhreise a thabhairt air?

Chomh maith leis sin, breathnóimid ar a bhfuil i ndán don litearthacht sa tréimhse atá amach romhainn: cad iad na nithe a bhfuilimid ar an eolas fúthu (nó nach bhfuilimid ar an eolas fúthu fiú) atá i ndán don chéad chaoga bliain eile den oideachas litearthachta? Cad iad na bearta is gá dúinn a dhéanamh chun a chinntiú go mbeidh gnóthachtáil agus rannpháirtíocht litearthachta ann do chách?

7 & 8 Samhain 2025
Campas Naomh Pádraig, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Príomhchainteoir

An tOllamh Catherine Snow
John H. and Elisabeth A. Hobbs Professor of Cognition and Education, *Harvard Graduate School of Education*

Tuilleadh Eolais

GAIRM AR PHÁIPÉIR

Fáiltíonn Cumann Litearthachta na hÉireann roimh pháipéir ar réimse ábhar lena n-áirítear:

- Éagsúlacht i sealbhú teanga agus litearthachta, agus i dteagasc teanga agus litearthachta
- Sealbhú litearthachta sa dara teanga agus i dteangacha breise
- Luath-idirghabháil agus teagasc ionchuimsitheach na litearthachta
- Litearthachtaí digiteacha / Nualitearthachtaí / Litearthachtaí ilmhódacha
- Comhtháthú na litearthachta agus an ábhair / Comhtháthú curaclaim
- Litearthacht ógánach; litearthacht i gcomhthéacs na hiarbhunscoile
- Litearthacht aosach; litearthacht i gcomhthéacsanna breisoideachais
- Dul chun cinn náisiúnta / idirnáisiúnta i bhforbairt na litearthachta
- Measúnú ar an litearthacht
- An litearthacht agus polasaí / curaclam
- Dearcthaí éagsúla ar chleachtas litearthachta

Is féidir páipéir ar na hábhair thuas a chur i láthair trí Ghaeilge, trí Bhéarla nó go dátheangach.

Ba mhian linn fáilte a chur roimh **mhúinteoirí / oideoirí** chuig an gcomhdháil shuntasach seo. Smaoinigh ar an méid seo a leanas a roinnt, mar shampla:

- Cur chuige uile scoile chun an litearthacht a fhorbairt; cleachtas a d'oibrigh i do scoil / do shuíomh
- Taighde a rinne tú mar chuid de chlár máistreachta / dochtúireachta
- Cleachtas ar leith ar bhain tú triail as i do sheomra ranga / do shuíomh

Tá réimse roghanna ar fáil dóibh siúd atá ag tabhairt cur i láthair den chéad uair, lena n-áirítear cur i láthair póstaeir agus ionchuir ghearra 'TeachMeet'/'OidePhlé'.

Tá tuilleadh eolais ar leagan amach na dtograí éagsúla ar fáil anseo.

Is féidir do thogra a leagan isteach leis an bhfoirm seo. Déanfar piarmheasúnú ar d'achoimre 150-300 focal.

Bí linn ar an 7 Bealtaine 2025 (6:00 IN), nuair a roinnfimid comhairle maidir le conas togra a leagan isteach. Cláraigh anseo le haghaidh Zoom dóibh siúd a bheidh ag cur i láthair don chéad uair.

Is é an spriocdháta le haghaidh tograí ná an 30 Bealtaine 2025 ag 6:00 IN.

Ceisteanna? Seol r-phost chuig conference@literacyireland.com

Bígí linn ar na meáin shoisialta!

Brúigh ar na cnaipí éagsúla ar dheis!